2026/1342

24.8.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1342 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meitheamh 2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle ([1]) agus go háirithe Airteagal 15(2) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA) é an tAontas agus é tar éis Coinbhinsiún CICTA a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Glacann CICTA bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún CICTA a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí a chosaint. D'fhéadfadh bearta mar sin a bheith ina gceangal ar na páirtithe, lena n-áirítear an tAontas.

(3) Le mír 3 de Mholadh 25-06 ó CICTA leasaítear Moladh 19-05 ([3]) ó CICTA trína cheadú do pháirtithe conarthacha de chuid CICTA a shroicheann a dteorainneacha maidir le gabhálacha mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha a thabhairt i dtír a ngabhálacha a aischur.

(4) Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an Moladh sin agus dlí an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le soithí de chuid an Aontais atá rannpháirteach san iascach a chumhdaítear leis an Moladh sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún ([4]) a leasú chun an cinneadh a rinne CICTA a chur san áireamh.

(6) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag forálacha an Rialacháin seo ar shoithí an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

([1]) IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.
([2]) Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, ELI http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).
([3]) https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2019-05-e.pdf.
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 an 18 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascach an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 16, 23.1.2015, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/98/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98:

'*Airteagal 5b*

Mairlíní gorma agus mairlíní bána/mairlíní cruinnghainneacha

De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, a luaithe a bheidh a gcuótaí bainte amach ag na Ballstáit, déanfar gach gabháil mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha a aischur.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN